M|T
McEneaney Tighe
Solicitors

73 Lower Leeson Street, Dublin 2. DX 109016 Fitzwilliam
Tel 01 662 5233 **Email** law@mceneaneytighe.ie

25ú Aibreán 2018

RE: Seiminár.

Breandán, A Chara,

Go raibh maith agat as do theachtaireacht ríomhphoist ar an 17ú Aibreán seo chaite.

Tugaim freagra mar seo leanas ar an dá cheist atá árdaithe agat.

1. Mholfainn dena ceann eagraíochtaí a bheith cúramach agus conraithe fostaíochta a bhronnadh acu. I bhfianaise an t-éiginnteacht a bhaineann ach go áirithe le faid-achair na scéimeanna, ba cheart aird faoi leith a dhíriú ar na toscaí seo leanas le leas na gCeanneagraíochtí a chosaint.

   - Is féidir conradh ar feadh tréimhse cinnte ama (fixed term Contract) a bhronnadh ar fhostaithe / comhairleoirí m.sh ar feadh 3 Bliana.

   - Má tá dhá chonradh ar thréimhse cinnte ama curtha isteach ag fostaí / comhairleor agus go sáraíonn an tréimhse oibre atá déanta ag an fhostaí / comhairleor leis an cheanneagraíocht 4 bliana tá teidealacht ag an fhostaí / comhairleor ar chonradh i leith tréimhse neamh-shrienta. (Contract of Indefinite Duration – CID) a thugann buaineacht fostaíochta den fhostaí / Comhairleor a bheag nó a mhór.

   - Mholfainn dena ceanneagrais conraithe i leith cuspóir sonraithe (specific Purpose Contract) a chuir ar fail, m.sh i leith ullmhú Plean Teanga den cheantar. Ba cheart go mbeadh soláthar sa chonradh go dtiocfadh deireadh leis an chonradh nuair atá an chuspóir nó an bheartas curtha chun críche.

   - Ba cheart leis mír a chuir sa chonradh ag deimhniú go dtiocfaidh an chonradh chun deiridh i gcás nach mbeadh maoiniú á chuir ar fail i leith an tógra ag an Stat, agus nó Údarás Na Gaeltachta.

2. Tá stádas reachtúil bronnta ar na Comhairlí Condae i leith cúramaí pleanála. Níl a mhacasamhail de sheasamh ag aon cheann dena coistí pleanála teanga a shíolraionn óna dualgais úra a tiomnaíodh ar Údaras Na Gaeltachta de réir Acht Údaras Na Gaeltachta 2012. Da bhrí sin i gcás coimhlint ar bith idir comhairle condae agus grupa pleanála áitúil beidh tosaíocht agus ceannasaíocht i gcónaí ag an Chomhairle Condae.

   Ní rítheann ar bith eile liom.

   Ag suil an mhéid sin a bheidh ina chuidiú agat.

Le búiochas as bhur dtreoracha.

Beir Bua,



ANTOIN DELAP